

—1990—

# ‘Creidim fós, beagnach...’

Eoghan Ó hAnluain

(CATHAOIRLEACH: BREANDÁN Ó BUACHALLA)

I ndiaidh dom eagar a chur anuraidh ar na naoi léacht tosaigh den tsraith seo i gcuimhne ar Mháirtín Ó Cadhain, tugadh cuireadh dom an léacht seo a thabhairt agus moladh dom, dá mb’áil liom san, barúil a chaitheamh ar a bhfuil i ndán do scríbhneoireacht na Gaeilge sna blianta atá díreach romhainn amach. Ní hamhlaidh a bhí sé i gceist go rachainn le fáidheoireacht agus le fáistine, agus ar ndóigh níl sé ar intinn agam é sin a dhéanamh, ach is é a chaith mé i mo cheann go bhféachfainn ar chuid de dhála agus de chúraimí na scríbhneoireachta Gaeilge faoi láthair féachaint cad a bhí le léamh orthu.

Maidir le teideal na cainte níl ann ach gur rith sé liom i dtosach mar theideal áisiúil a chuimseodh go conláisteach a raibh le rá agam. Ach chomh luath agus a fhréamhaigh sé im aigne chuir sé cúrsa ar leith machnaimh ar sheachrán taitneamhach slí—‘in sweet lazy liberty,’ mar a deir Milan Kundera faoi Tristram Shandy. Sa tslí nach bhfuil mé cinnte an bhfeileann sé ar chor ar bith do choda mífhreagracha neamhleanúnacha na cainte seo. Ach fillfidh mé ar mo cham-chuaird ar ‘Valparaiso’. Idir an dá linn ‘Is cuma faoin léacht. Amharc sna súile agam. Déanaimis caidreamh.’ Ainneoin ar dhúirt mé anois beag faoi gan dul le fáidheoireacht is mar seo a scríobh mé i bhfad ó shin in aguisín le hathchló in 1973 ar *Gaelic Literature Surveyed* le hAodh de Blácam:

The social and economic forces militating against Irish do not come within the scope of this survey, but this much must be said. Literature is not produced in a vacuum, although very often the writer of Irish feels as if it is, bereft as he is much of the time of the stimulation of a community. He feels it incumbent on him, as Seán Ó Ríordáin

has said, to perform the function of the community in shaping the language as well as expressing his own vision. The pressure of English through every means of communication not only on the Irish-speaking communities but on each individual of that 'greater Gaeltacht' who uses the language as a normal means of expression whether at work, at home, in education or in social life, is obvious. This pressure is inevitable, even if the economic life of the Gaeltacht becomes stabilised, and the survival of the language and the continuation of its literature depends on its resourcefulness in responding to this situation. The situation, of course, is not new. It has been the condition of Irish for a long time. The Irish literary tradition has shown itself, and not least in the past forty years, capable of a vigorous response. *Ní hí an teanga a chuaigh ó rath ach an dream dar dual a dídean.*

Samhlaítear dom anois an méid sin a bheith soineanta, leamh fiú amháin, i bhfianaise shaol na hÉireann faoi láthair:

### **Mar chaitheamar an choinneal**

Cheapamar tráth go mbeadh an lá linn  
 An bua ar fáil, an t-athaoibhneas ag teacht,  
 Is chaitheamar an choinneal de ráig  
 Ag fónamh dár gcleacht;  
 Ní náir linn os comhair cáich  
 Ár gcloichín ar charn na sean,  
 Cé gur eagal linn le seal  
 Go bhfuilimid ag cur gainimh i ngad,  
 Murar i gCionn tSáile an léinn  
 A cuireadh ár gcleacht ó rath,  
 Arbh iad na cinnirí críonna  
 Nó cléirigh an tréis a d'fheall?  
 Ach mar chuaigh an choinneal go dtí seo,  
 Téadh an t-ortalach ina bhfuil romhainn amach.

Tá dínit ansin, guaim á choinneáil ar an díomá domhain, leis an gcaitheamh a bhítheas riamh anall a chur sna hidéil ba siocair le bunú an stáit, iad á mbochtú agus á gcur in oiriúint do pholaitíocht bhrabúsach na huaire. Is duairc agus is scanrúla go mór ná sin mar a fheictear toradh cinniúnach an loicthe agus an tréis seo don úrscéaláí Dermot Bolger in *The Journey Home*: an tír dá caomhú ar deir-eadh ní ag polaiteoirí dúchais ar mhaithe le muintir na hÉireann ach ag rialtas lár na hEorpa ar mhaithe le rachmasóirí na Mór-roinne:

The last corner of Europe, the green jewel free from the paths of acid rain. A land preserved intact for the community. German tongues clicking in amusement at how it was all run in those last years. Out here electric fences will hum in the evenings, crackling when a stray dog stumbles against them. In the white pillar beside the solid wooden